
# Mistéir Lios an Chatha


Séideán Sí



**Seán Ua Cearnaigh**

**Dómhnal Ó Bric a mhaisigh**

# *Mistéir Lios an Chatha*



**Seán Ua Cearnaigh**
**Dómhnal Ó Bric a mhaisigh**

An Gúm
Baile Átha Cliath

An chéad eagrán 2008

© An Roinn Oideachais agus Eolaíochta / Foras na Gaeilge, 2008

ISBN 978-1-85791-700-0

Gach ceart ar cosaint. Ní ceadmhach aon chuid den fhoilseachán seo a atáirgeadh, a chur i gcomhad athfhála, ná a tharchur ar aon mhodh ná slí, bíodh sin leictreonach, meicniúil, bunaithe ar fhótachóipeáil, ar thaifeadadh nó eile, gan cead a fháil roimh ré ón bhfoilsitheoir.

Baineann an saothar seo le scéim Dhearthóirí Áiseanna Teagaisc na Roinne Oideachais agus Eolaíochta atá ann chun áiseanna Gaeilge a sholáthar do na bunscoileanna Gaeltachta agus do na bunscoileanna lán-Ghaeilge.

Seán Ua Cearnaigh a scríobh

Dearadh agus leagan amach: Designit

Obair ealaíne: Dómhnal Ó Bric

Muintir Chathail Teo a chlóbhuail in Éirinn

Le fáil tríd an bpost uathu seo

An Siopa Leabhar,
6 Sráid Fhearchair,
Baile Átha Cliath 2.
*ansiopaleabhar@eircom.net*

*nó*

An Ceathrú Póilí,
Cultúrlann Mac Adam-Ó Fiaich,
216 Bóthar na bhFál,
Béal Feirste BT12 6AH.
*leabhair@an4poili.com*

*Orduithe ó leabhardhíoltóirí chucu seo:*

Áis,
31 Sráid na bhFíníní,
Baile Átha Cliath 2.
*eolas@forasnagaeilge.ie*

*nó*

International Education Services,
Eastát Tionsclaíoch Weston,
Léim an Bhradáin,
Co. Chill Dara.
*info@iesltd.ie*

**An Gúm, 24-27 Sráid Fhreidric Thuaidh, Baile Átha Cliath 1**

# Clár


| | |
|---|---|
| Caibidil 1 | 5 |
| Caibidil 2 | 19 |
| Caibidil 3 | 34 |
| Caibidil 4 | 46 |
| Caibidil 5 | 54 |
| Caibidil 6 | 62 |
| Caibidil 7 | 72 |

# Caibidil 1




Ní raibh Colm Ó Caoimh ag baint mórán sásaimh as an lá breá gréine úd i dtús an fhómhair. An Satharn a bhí ann agus bhí sé saor ón scoil don deireadh seachtaine. Bheadh sé ag ceiliúradh a dheichiú breithlá lá arna mhárach ach, mar sin féin, ní raibh sé róshásta leis féin. Bhí tionscadal le déanamh aige don obair bhaile agus ní raibh sé tosaithe aige fiú. Anuas air sin, bhí a athair imithe go Cluain Meala ag siopadóireacht agus Pádraig tugtha leis aige. Fágadh Colm ag baile chun cuidiú lena mháthair aire a thabhairt do Chiara a bhí tinn ar an leaba.

Thug Colm 'Daidí' agus 'Mamaí' ar a thuismitheoirí cé go raibh a fhios aige nárbh iad a thuismitheoirí nádúrtha iad. Mhínigh siad dó i bhfad ó shin gur uchtaigh siad é agus é ina bhabaí i ndílleachtlann in iarthar na tíre.

Ní raibh Colm acu ach bliain nuair a rugadh Ciara. Agus dhá bhliain ina dhiaidh sin tháinig Pádraig ar an saol. Bhraith Colm i gcónaí nach raibh aon chosúlacht idir é agus an chuid eile den teaghlach cé go raibh a thuismitheoirí chomh grámhar tuisceanach céanna leis siúd agus a bhí siad leis na páistí a rugadh dóibh féin.

Mar sin, cé go raibh an-chion ag Colm ar a mhuintir ba léir dó nach raibh aon ghaol aige leo. Bhí a thuismitheoirí an-tugtha don iománaíocht, mar shampla, ach ní raibh suim dá laghad ag Colm féin sa chluiche. Bhí Pádraig in ann an sliotar a bhualadh níos faide ná Colm agus é trí bliana níos óige ná é. Nuair a bhris seanchamán Choilm i dtús an tsamhraidh ba chuma leis sa diabhal mar gheall air. Níor bhac sé le ceann nua a iarraidh.



Agus ní raibh ansin ach difríocht amháin a bhí eatarthu. Níor fhéach Colm cosúil lena mhuintir ach an oiread. Buachaill beag caol a bhí i gColm. Bhí súile glé uaine aige agus cluasa fada bioracha. Bhí a chuid gruaige chomh mín le síoda agus í fionn.



Réitigh Colm go maith le cuid de na páistí ar scoil, go háirithe le Rónán Ó Murchú, buachaill a bhí an-mhór leis. Ach bhíodh cuid eile fós ag magadh faoi Cholm mar gheall air nach raibh sé cosúil le daoine eile. Bhíodh sé cráite, go háirithe, ag buachaill a raibh Séimín Ó Súilleabháin air. Nár bhreá leis a bheith cosúil le gach duine eile! Ansin ní bheadh Séimín agus a leithéidí ag cur as dó.



Theastaigh ó Cholm dul lena athair go Cluain Meala an lá breá gréine sin i dtús an fhómhair. Bhí siopaí breátha i gCluain Meala, siopaí ina raibh milseáin agus bréagáin agus leabhair dheasa le fáil iontu. Bhí tríocha euro curtha i dtaisce aige agus flosc air chun é a chaitheamh.

'Caithfidh tusa cuidiú le do mháthair aire a thabhairt do Chiara,' arsa a athair leis ar maidin. 'An créatúr bocht – tá cúpla seachtain caite ar an leaba anois aici agus níl biseach tagtha uirthi fós.'

'Tá trua agam do Chiara,' a dúirt Colm leis féin, 'ach nach maith gur mise atá fágtha anseo agus Pádraig bailithe leis go Cluain Meala!'

Bhí an-chion ag Colm ar a dheirfiúr. Le coicís anois bhí sí ar fhleasc a droma sa leaba. Shíl an dochtúir gur víreas éigin a bhí uirthi agus dúirt sé go gcaithfeadh sé í a chur isteach san ospidéal i gCaiseal mura dtiocfadh biseach uirthi go luath. Ghoillfeadh sé sin ar Chiara bhocht agus ar a tuismitheoirí.

Ghoillfeadh sé ar Cholm chomh maith. Mar sin féin bhraith sé nach raibh sé ceart ná cóir go raibh sé sa bhaile inniu ag tabhairt aire di in áit a bheith istigh i gCluain Meala lena Dhaidí agus Pádraig.

Ag meán lae d'iarr a mháthair ar Cholm cupán tae agus ceapaire a thabhairt do Chiara.

'Fág an trádaire ar an mbord le hais na leapa,' arsa Ciara go lagbhríoch. 'Nílim ró-ocrach faoi láthair.'

'An bhfuil biseach ar bith ag teacht ort?' a d'fhiafraigh Colm di.

'Níl, muise,' arsa Ciara agus thosaigh sí ag caoineadh. 'Tá eagla an domhain orm go gcuirfidh an dochtúir isteach san ospidéal mé.'

'Dhera, ní chuirfidh ná é,' arsa Colm. 'Anois triomaigh do shúile agus ól braoinín tae. Déanfaidh sé maitheas duit.'

Ciara bhocht! Bhí an-trua ag Colm di. Dá gcuirfí isteach san ospidéal í bhrisfeadh sé a croí! D'fhan sé tamall ag caint léi. Ach níorbh fhada go raibh sí ina codladh go sámh.


Bhí an chuma ar an scéal nach músclódh an créatúr go ceann i bhfad.



Nuair a bhí Ciara ina codladh shocraigh Colm aghaidh a thabhairt ar an obair bhaile. Tionscadal ar Tuatha Dé Danann a thug an máistir dóibh le déanamh. Máirtín Ó Draoi an t-ainm a bhí ar an máistir a bhí ag Colm i mbliana, agus ní raibh a leithéid de mhúinteoir aige riamh roimhe sin. Shíl a chara Rónán go raibh draíocht ag an máistir agus gurbh é sin an fáth a raibh 'Ó Draoi' mar shloinne air. Ach bhí na tuismitheoirí breá sásta leis mar go dtugadh sé neart obair bhaile do na páistí! Chaitheadh sé go leor ama ag cur síos do na daltaí ar an saol breá a bhí in Éirinn fadó. Dar le Rónán go gcaithfeadh sé go raibh an máistir ar an saol nuair a bhí Tuatha Dé Danann ann, bhí an oiread sin ar eolas aige mar gheall orthu.

'Ceann de na cathanna ba mhó a troideadh riamh idir Tuatha Dé Danann agus a naimhde, is i Lios an Chatha, thall ansin i gCill Taincín, a tharla sé,' a dúirt an máistir leis an rang lá. 'Bhí Lios an Chatha ina cheanncheathrú ag Tuatha Dé Danann, nó

‘an slua sí’ mar a thugtar orthu chomh maith. Is áit aoibhinn dhraíochta é. Mholfainn daoibh dul ann am éigin. Ach fainic! Ná bígí ann sa dorchadas!’



Thug an máistir cuid mhaith nótaí don rang chun cabhrú leo an tionscadal a dhéanamh. D'éirigh le Colm féin leabhar faoi Thuatha Dé Danann a fháil sa leabharlann. Bhí cur síos sa leabhar ar theacht Thuatha Dé Danann go hÉirinn, ar an gcumhacht agus an draíocht a bhí acu agus ar na cathanna a throid siad. Ag deireadh an leabhair bhí tuairisc ar an dóigh a bhfuair a gcuid naimhde an ceann is fearr ar Thuatha Dé Danann agus an dóigh ar ruaig siad isteach faoi thalamh iad. Ach anois bhí sé ina thráthnóna agus ní raibh tús curtha fós ag Colm lena thionscadal. Bhí a chuid nótaí trína chéile agus ní raibh sé in ann bun ná barr a dhéanamh díobh.

'Dá mbeadh cluas níos géire tugtha don mháistir agam b'fhéidir go dtuigfinn iad,' ar seisean leis féin.

Gan dabht chabhródh sé freisin leis dá mbeadh a chuid peannaireachta níos néata!

Bhí Colm fós ag smaoineamh ar an tionscadal nuair a tháinig a athair agus Pádraig abhaile as Cluain Meala. Chaith a athair tamall ag cuidiú le Colm. Mhol sé dó a leabhar a thabhairt leis agus siúl chomh fada le Cill Taincín chun an lios a fheiceáil.

'An bhfuil a fhios agat ach go mb'fhéidir go bhfaighfeá inspioráid éigin sa lios!' ar seisean.

'An dtógfaidh sé i bhfad orm dul ann?' a d'fhiafraigh Colm.

'Dhera, fiche nóiméad nó mar sin,' arsa Daidí.

'B'fhéidir go bhfeicfeá sióg sa lios,' arsa Pádraig.


'Tú féin agus do chuid sióga,' arsa Colm. 'Muise, nach bhfuil a fhios ag an saol mór nach bhfuil a leithéid de rud ann agus sióg.'

Mar sin féin bhí an oiread sin léite agus cloiste ag Colm mar gheall ar Lios an Chatha gur theastaigh uaidh an áit a fheiceáil dó féin.

Shiúil Colm suas seanchosán Chill Taincín. Nuair a shroich sé an lios bhreathnaigh sé thart. Ach ní raibh mórán le feiceáil ann i ndáiríre. Ní raibh ann ach cnocán féarach a bhí clúdaithe le toir agus le sceacha agus iarsmaí seanbhalla thart air. Bhí an-díomá ar Cholm. Tar éis an cháil a bhí ar an áit, nach beag a bhí le feiceáil!

Mar sin féin bheartaigh sé fanacht ann tamaillín agus a scíth a ligean. Chaithfeadh sé a bheith ar ais sa bhaile, áfach, roimh dhorchadas na hoíche. Cé nár chreid sé beag na mór sna sióga chuimhnigh sé, mar sin féin, ar an méid a dúirt an Máistir Ó Draoi faoin áit.

Shuigh Colm ar an seanbhalla agus d'oscail sé a leabhar.





Bhí pictiúir sa leabhar de laochra tréana a raibh gruaig fhada fhionn orthu agus iad ag marcaíocht ar chapaill bhána. Shamhlaigh Colm na laochra tréana seo agus iad i mbun catha istigh sa lios … ach tráthnóna te marbhánta a bhí ann agus níorbh fhada gur bhraith Colm a shúile ag dúnadh …

# Caibidil 2



D'oscail Colm a shúile agus bhain sé searradh as féin. A Thiarcais! An raibh sé tar éis a bheith ina chodladh? Istigh i Lios an Chatha! An raibh sé i bhfad anseo? D'éirigh sé ina sheasamh agus d'fhéach sé ina thimpeall.

Istigh i gcúinne an leasa chonaic Colm rud a bhain an-gheit as. Solas beag uaine a bhí ann agus é ag soilsiú go taibhsiúil. Ansin chuala sé siosarnach san fhéar in aice an tsolais. An leoithne gaoithe a bhí ann nó …?

Bhraith Colm go raibh lagar ag teacht air agus scáil mar a bheadh ceo ann ag teacht ar a shúile. Bhí an tsiosarnach ag éirí níos géire, ar nós slua mór daoine ag cogarnach agus ag sifearnaíl le chéile. Agus ansin, i lagsholas an tráthnóna, chonaic Colm tuilleadh soilse – soilse beaga bána, péire acu …

Ó, a thiarcais! An súile iad?



Agus bhí an tsiosarnach ag éirí níos soiléire: isssisssissséééséééséééé … issséééé … is ééé … isss ééé … is ééé atá annn … is ééé atááá annn … is ééé atááá ann …

Thit Colm i laige.

Bhí an oíche ann faoin am ar mhúscail Colm arís. Chuimil sé a shúile, léim sé ina sheasamh agus gan amharc ar dheis ná ar chlé rith sé síos an cosán agus a chroí ina bhéal aige. Sular shroich sé an teach casadh a athair air.

'Bhí imní orainn fút,' arsa Daidí. 'An bhfuil tú ceart go leor? Tá dath an bháis ort.'

'Tá brón orm as a bheith chomh déanach,' arsa Colm. 'Is amhlaidh gur thit mé i mo chodladh istigh sa lios.'

Thug sé an leaba air féin láithreach. Ach nuair a dhún sé a shúile chonaic sé na súile beaga bána úd ag stánadh air arís agus chuala sé an tsiosarnach:

issssséééséséééé … isssééé … is ééé … atáá annn … is ééé atáá annn … is ééé atáá ann …

Mhúscail sé. Bhí sé báite le hallas. Chuir sé ina luí air féin gur ag brionglóideach a bhí sé. Ach, mo léan, gach aon uair ar thit Colm ina chodladh an oíche sin ní ina leaba féin a bhí sé ach ar ais arís i Lios an Chatha.


Bhí lón breá ag an teaghlach lá arna mhárach agus chan siad 'Lá Breithe Sona' do Cholm. Gan dabht, bhí císte mór acu a raibh deich gcoinneal air chomh maith le rudaí deasa eile le hithe agus le hól. Thug Ciara leabhar agus ceirnín dó. Bosca seacláidí a bhí ag Pádraig dó. Ansin thug Daidí a bhronntanas dó.


'Níl aon leithscéal agat anois,' ar seisean agus shín sé an bronntanas chuige.

Ba bheag nár chaoin Colm nuair a chonaic sé céard a bhí ann …

CAMÁN!

'Ó,' ar seisean, agus é ag iarraidh an díomá a bhí air a cheilt. 'Go raibh maith agaibh. Go raibh míle maith agaibh.'





Lá Breithe Sona

Nuair a bhí an chóisir thart theastaigh ó Cholm a bheith leis féin. Níor thuig a thuismitheoirí é. Ní raibh aithne ar bith acu air. Camán! Dá dtabharfaidís rud ar bith eile dó seachas camán. Rud ar bith! Níorbh fhada go raibh Colm ar an gcosán go Lios an Chatha agus an camán ina ghlac aige.

Ach ar cheart dó a bheith ag dul ar ais go Lios an Chatha? Céard faoin mbrionglóid? Nó an brionglóid a bhí ann? Céard iad na rudaí úd a chonaic sé i Lios an Chatha? An slua sí? Neacha coimhthíocha? Spásairí? Bhí a leithéidí feicthe aige i scannáin. Ach nár mhiotais amach is amach a bhí sna scannáin úd? Samhlaíocht! Fantaisíocht! Níor chreid Colm iontu. Dar ndóigh níor chreid. Ach, mar sin féin, bhí rudaí aisteacha feicthe aige …

Nuair a thiontaigh Colm an casadh deireanach roimh an lios rinneadh staic de. Istigh i lár an leasa bhí liathróid mhór ar dhath an airgid agus dhá sciathán uirthi. Bhí soilse glasa ag glioscarnach uirthi.



Go tobann osclaíodh doras san árthach síos go talamh. Tháinig ceo uaine amach as. Ansin shiúil neach coimhthíoch go mall réidh amach as. Anuas na céimeanna leis.

Bhí Colm ina staic. Thuig sé gur cheart dó a bheith scanraithe, ach, aisteach go leor, ní raibh. Bhreathnaigh sé ar an neach coimhthíoch. Bhí sé beagnach chomh hard leis féin agus éadaí uaine air ó bhun go barr. Bhí a chraiceann an-gheal agus bhí súile glé uaine aige. Bhí gruaig fhada fhionn air agus bhí cluasa fada bioracha aige. Shiúil an neach coimhthíoch go dtí an áit a raibh Colm ina sheasamh agus rug greim láimhe air. Colm bocht! Bhí sé cinnte go raibh a rás rite agus a chosa nite. Dhún sé a shúile. Smaoinigh sé ar a Mhamaí, a Dhaidí, ar Phádraig agus ar a dheirfiúr bhocht. D'fhan sé leis an mbuille marfach …

D'oscail Colm a shúile arís. D'fhéach sé ar an neach coimhthíoch a bhí ina sheasamh anois os a chomhair amach.

'C … C … Cé tú féin? An sióg tú? Nó duine de Thuatha Dé Danann? Nó an i mo chodladh atáim?'

‘Níl tú i do chodladh, a bhuachaill. Is mise Úvó Mac Nét. Mhair mo mhuintir, Tuatha Dé Danann, san áit seo blianta fada ó shin go dtí go bhfuair an Slua Dorcha an ceann is fearr orainn. Nuair a chuir an Slua Dorcha an ruaig orainn b’éigean dúinn teitheadh faoi thalamh. Chuireamar na spáslonga faoi dhraíocht sna liosanna ionas nach bhfeicfí iad. Tar éis tamaill, áfach, d’éirigh le cuid againn éalú agus dul ar ais go dtí an pláinéad as ar tháinig muid an chéad lá riamh.’

‘Agus cén pláinéad é sin?’ a d’fhiafraigh Colm agus iontas air. Ní raibh aon rud faoi seo sna leabhair a bhí léite aige.

‘Varna. Tháinig muid ó Varna.’

‘Rugadh mise i ngar do Bhearna,’ arsa Colm. ‘Tá sé i gContae na Gaillimhe. Is sa dílleachtlann ansin a fuair mo thuismitheoirí mé!’

D’ardaigh an Úvó a shúile i dtreo na spéire.

‘Cén sórt díchéillí atá ort? Varna a dúirt mé! Ach, gan dabht, Mars a thugann sibhse air.’

'Agus cén fáth a bhfuil tú anseo?' a d'fhiafraigh Colm.

'Chun ár gcumhacht a neartú sa lios agus … bhuel, chuir an tArdrí ar mhisean rúnda mé,' a d'fhreagair Úvó.

'Cén sórt misean rúnda?' a d'fhiafraigh Colm agus iontas an domhain air.

'Dá n-inseoinn é sin duit ní bheadh sé ina rún a thuilleadh,' arsa Úvó. 'Ach inseoidh mé an méid seo duit, caithfimid a bheith ar an airdeall i gcónaí. Tá bithiúnaigh an tSlua Dhorcha i ngach áit. Ó fuair siad an ceann is fearr orainn níl an oiread cumhachta againn ar talamh agus a bhí uair amháin. Is féidir linn tuirlingt i lios nó i rath in áit ar bith sa tír ach ní féidir linn corraí amach as. Dá gcuirfinnse cos taobh amuigh den lios seo anois bheinn chomh lag le Gael ar bith.'

Bhreathnaigh Úvó ar chamán Choilm.

'Is breá an camán é sin,' a dúirt sé.

'Conas atá a fhios agat gur camán atá ann?' a d'fhiafraigh Colm.

'Nach muid a thug an iománaíocht go hÉirinn an chéad lá riamh?' arsa Úvó.

Rug sé greim docht ar an gcamán. Cheap Colm go bhfaca sé an camán ag creathadh agus go raibh loinnir bheag ghlas ag teacht uaidh. Shíl sé chomh maith gur chuala sé crónán coimhthíoch ag teacht ón gcamán.

'Má bheireann tú greim docht mar seo ar an gcamán,' a dúirt Úvó leis, 'tabharfaidh sé neart agus misneach duit.'



Shín sé an camán ar ais do Cholm. Ansin shiúil ar ais go dtí an spáslong.

'Bí anseo ag an am céanna Dé Domhnaigh seo chugainn,' ar seisean le Colm.

Leis sin dhún an doras agus d'éirigh an spáslong san aer.

Suas, suas san aer leis agus níorbh fhada go raibh sé imithe as amharc. Fágadh Colm ina staic ag breathnú ina dhiaidh.



Nuair a shroich Colm an baile bhí a thuismitheoirí agus Pádraig amuigh sa pháirc ag imirt iománaíochta. Dá mbeadh a fhios acu céard a bhí feicthe aige! Dá mbeadh a fhios acu céard a bhí cloiste aige!

'Seo!' arsa Pádraig le Colm de bhéic. 'Beir air seo!'


Agus tharraing sé buille fíochmhar ar an sliotar. Thuig Colm láithreach go raibh an sliotar ag dul i bhfad ró-ard dó. Chaillfí sna sceacha é. Bheidís ag gáire faoi ansin, is dócha. Rug sé greim docht ar a chamán agus, leis sin, bhraith sé neart agus misneach nár bhraith sé riamh roimhe sin. Léim sé níos airde ná mar a léim sé riamh cheana. Nach air a bhí an t-iontas nuair a d'éirigh leis breith ar an sliotar! Ní hamháin gur rug sé air, ach choinnigh sé greim air agus d'éirigh leis tuirlingt go pointeáilte pras réidh ar a chosa. D'fhéach sé suas.



Chaith sé an sliotar san aer, tharraing siar a chamán agus bhuail an sliotar chomh deas agus a chonaic tú riamh. Bhí Pádraig ina sheasamh agus a bhéal ar oscailt agus é ag faire ar an sliotar ag gabháil tríd an aer. Bhí a thuismitheoirí ag bualadh bos agus bhí Colm féin ag léim san aer le teann áthais.



# Caibidil 3



Maidin Dé Luain bhí Colm ina shuí in éineacht lena chara Rónán sa seomra ranga. Bhí an Máistir Ó Draoi ag caint.

'Faoi mar is eol daoibh,' ar seisean, 'tá an scoil seo againne imithe ar aghaidh anois chomh fada leis an gcluiche ceannais i gcomórtas iománaíochta na mbunscoileanna. Caithfimid cluiche trialach a imirt, mar sin, chun an fhoireann don chluiche tábhachtach seo a roghnú,' ar seisean.

'Beidh an cluiche trialach ann Dé Céadaoin,' arsa an máistir. 'Ach anois tá obair le déanamh againn. Ba mhaith liom go gcuirfeadh sibh na tionscadail a rinne sibh don obair bhaile i láthair an ranga. A Choilm Uí Chaoimh, tosóimid leatsa. Aníos anseo leat.'



Sheas Colm os comhair an ranga agus thosaigh sé ag cur síos ar Thuatha Dé Danann. Labhair sé faoi na laochra treána a bhí acu agus faoi mar a chuir siad smacht ar na Fomhóraigh a bhí in Éirinn rompu. Bhí cúpla pictiúr tarraingthe aige bunaithe ar na pictiúir a bhí sa leabhar agus thaispeáin sé don rang iad.

D'éist na páistí eile go múinte béasach leis ach bhí Séimín Ó Súilleabháin ag méanfach. Ansin dúirt Colm gur mheas sé gur as Mars a tháinig Tuatha Dé Danann an chéad lá riamh ach gurbh éigean dóibh dul faoi thalamh i ráthanna agus i liosanna na hÉireann nuair a fuair a naimhde an ceann is fearr orthu. Dúirt sé gur sna rathanna agus sna liosanna a chuir siad a gcuid spáslonga i bhfolach. Chuaigh an rang ar fad le báiní nuair a chuala siad é sin. Bhí trua ag Rónán dó.

'Déanfaidh sé sin anois!' arsa an Máistir Ó Draoi. 'Tá sé in am sosa. Amach libh!'


A
B

Bhí an máistir ann rompu sa chlós.

‘Conas a dhéanann sé é sin?’ arsa Colm le Rónán. ‘Nóiméad amháin bíonn sé in áit amháin. Ansin i bpreabadh na súl bíonn sé in áit eile ar fad ach ní fheiceann aon duine ag teacht amach é.’

‘Caithfidh go bhfuil draíocht aige,’ arsa Rónán.

‘Tú féin agus do chuid draíochta!’ arsa Colm.

Tháinig an Máistir Ó Draoi a fhad le Colm.

‘Cogar i leith chugam, a Choilm,’ ar seisean.

Ansin chuir sé cogar ina chluais.

‘Táim ag faire amach duit, a Choilm Uí Chaoimh!’ ar seisean. ‘Táim, bhíos le fada, agus beidh!’

Ní raibh a fhios ag Colm ó thalamh an domhain céard a bhí i gceist aige leis sin.


Cén fáth a mbeadh sé ag faire amach dó?

Bhí Séimín Ó Súilleabháin ina sheasamh i measc scata buachaillí eile. Nuair a chonaic sé Colm thosaigh sé ag magadh faoi.

‘Amharc air,’ ar seisean. ‘Peata an

mhúinteora. Agus ar chuala sibh an scéal áiféiseach a bhí aige dúinn cúpla nóiméad ó shin? A leithéid! Cuirfidh mé geall gur tháinig sé féin ón spás freisin!'

Phléasc na buachaillí eile amach ag gáire. Dúirt Rónán le Colm gan bacadh leo, ach b'éigean do Cholm srian a choinneáil ar na deora. Dá mbeadh a fhios acu cad a bhí feicthe aige! Dá mbeadh a fhios acu cad a bhí cloiste aige! Is cinnte nach ag magadh faoi a bheidís ansin.



Bhí an cluiche trialach ann Dé Céadaoin. Buachaillí ó Rang a Ceathair is mó a bhí le roghnú d'fhoireann na scoile don chluiche ceannais ach bhí cúpla áit chomh maith do na buachaillí ab fhearr i Rang a Trí. I Rang a Trí a bhí Colm ach bhí a fhios aige go raibh buachaillí eile sa rang a bhí i bhfad Éireann níos fearr ná é. Séimín Ó Súilleabháin, mar shampla! Buachaill mór téagartha ba ea Séimín agus bhí gach aon seans ann go roghnófaí é d'fhoireann an chluiche ceannais. Seans nach mbeadh áit do Cholm i measc na bhfear ionad fiú amháin! Bhí camán breá nua aige agus na buachaillí eile in éad leis mar gheall air. Ach thuig sé go maith go mbeadh an t-ádh dearg leis áit a fháil ar aon cheann den dá fhoireann thrialacha go fiú.

Scairt na captaein ainmneacha amach ina nduine is ina nduine agus iad ag roghnú na n-imreoirí ab fhearr, dar leo féin, don dá fhoireann thrialacha. Bhí na foirne á líonadh go sciobtha. Agus ansin, nuair nach raibh súil ar bith aige leis, scairt duine de na captaein,

Seán Mag Uidhir, ar Cholm. D'ardaigh croí Choilm. Bhí a fhios aige go raibh an t-ádh dearg ina chaipín.

Thosaigh an cluiche. Bhí Colm ag imirt sa líne leatosaí. Nó in ainm is a bheith ag imirt. Pé mí-ádh a bhí air, níor éirigh leis oiread is buille ceart amháin a tharraingt ar an sliotar. Agus mar bharr ar an donas cé a bheadh á mharcáil ach Séimín Ó Súilleabháin.

Ag tarraingt ar dheireadh an chéad leath bhí an fhoireann eile dhá chúilín chun cinn. Ansin agus Colm díreach glan os comhair an chúil nár sheol Seán Mag Uidhir pas gleoite chuige. Rug Colm ar an sliotar, d'iompaigh sé agus tharraing sé buille ar a sheacht míle dícheall i dtreo an chúil.

Ach mó léan géar! Chuaigh an sliotar ar fóraoil.

Ní mó ná sásta a bhí an captaen le Colm.

'Chlis tú orainn,' a dúirt sé leis ag leath ama. 'D'fhéadfadh fear caoch an cúl a aimsiú ón áit a raibh tú! Cén sórt pleota thú!'



Bhí ceann faoi ar Cholm agus é ag rith amach ar an bpáirc don dara leath. Bhí sé cinnte dearfa anois nach bhfaigheadh sé áit ar fhoireann na scoile don chluiche ceannais. Bhí a sheans faighte agus caillte aige. Tháinig Séimín Ó Súilleabháin chomh fada le Colm agus straois air.

'Bhuel, a Choilm,' ar seisean, 'feicim go bhfuil camán breá faighte agat. Is é an trua nach féidir leat é a úsáid. Dá mbeadh sé agamsa anois ...'

Bhí Colm ar buile. B'fhearr leis ná rud ar bith go bhféadfadh sé an straois a bhaint de Shéimín. Ach thuig sé go raibh Séimín i bhfad Éireann níos treise agus níos toirtiúla ná é féin. Dhéanfadh sé ciolar chiot de Cholm!

Ansin, chuimhnigh Colm ar an méid a dúirt Úvó:

'Má bheireann tú greim docht ar an gcamán tabharfaidh sé neart agus misneach duit.'

Rug sé greim docht ar an gcamán. Bhraith sé gur tháinig creathadh beag sa chamán. Shéid an máistir an fheadóg agus chaith sé an sliotar isteach. Is i dtreo Choilm a tháinig sé. Thug Séimín gualainn do Cholm ach ba é Séimín féin a thit! D'éirigh le Colm an sliotar a fháil. Ghabh sé an gort suas agus faobhar faoi. Seo leis de ruathar aonair thar bhuachaill amháin agus thar bhuachaill eile. Choinnigh sé leis chomh fada leis an líne caoga méadar agus ansin scaoil sé leis an sliotar. Seo leis an sliotar suas, suas san aer nó gur thit sé caol díreach idir na cuaillí. Cúilín! Cúilín a bhí ann!





5
3

# Caibidil 4

Is i bhfeabhas a d'imir Colm sa dara leath. Aon uair a rug sé greim docht ar a chamán bhraith sé neart agus misneach ag teacht chuige. Ní hamháin go bhfuair sé trí chúilín eile ach fuair sé cúl sa nóiméad deireanach. Bhí bród ar Phádraig a bhí ag faire air ón taobhlíne. D'inis sé dá mhuintir an tráthnóna sin cé chomh hiontach is a d'imir Colm.

Bhí a thuismitheoirí chomh bródúil gur roghnaíodh Colm ar fhoireann na scoile agus go ndúirt siad leis go bhféadfadh sé dul go Cluain Meala ar an Satharn lena chara Rónán. Thug a Mhamaí fiche euro dó le rud éigin a cheannach dó féin. Leis an tríocha euro a bhí curtha i dtaisce aige cheana féin bheadh sé in ann rud breá éigin a cheannach.



Ach bhí an chuid eile den tseachtain le cur isteach aige ar scoil ar dtús. Má bhí olc ar Shéimín Ó Súilleabháin le Colm roimhe seo bhí an ghráin dhearg aige air i ndiaidh an chluiche. Ní bheadh aon deireadh leis an mbulaíocht anois. Maidin Déardaoin agus iad i gclós na scoile labhair Séimín le Colm:

'Tá mé cinnte,' ar seisean, 'nár ligeadh tusa amach as an áit iargúlta a bhfuil tú i do chónaí ann ag an deireadh seachtaine, ach bhí mise i gCaiseal. Ag an sorcas a bhí mé, bíodh a fhios agat! Bhuel, dá bhfeicfeá na hainmhithe a bhí ann – na leoin agus na tíogair! Agus fan go gcloise tú! Bhí mé ag caint le máistir an tsorcais féin i ndiaidh an tseó. Scríobh sé a ainm dom. Féach!'

Agus tharraing sé píosa páipéir as a phóca. Ní dúirt Colm dada.

Tar éis am sosa bhí Colm ag smaoineamh ar an méid a dúirt Séimín leis. Ach dá mbeadh a fhios ag Séimín faoin eachtra i Lios an Chatha ní bheadh sé ag maíomh as a bheith ag sorcas Chaisil!

Caiseal! Nach i gCaiseal a bhí Ospidéal an Chontae? Go Caiseal a chuirfí Ciara mura dtiocfadh biseach uirthi go luath. Agus a breithlá le bheith ann Dé Luain. Bhí an dochtúir sa teach acu an tráthnóna roimhe sin.

'Tá seans éigin go dtiocfaidh biseach uirthi,' ar seisean lena tuismitheoirí, 'más féidir libh smaoineamh ar rud éigin a thabharfadh ardú croí di.'

Bhí Colm an-mhór lena dheirfiúr. Thabharfadh sé a dhá shúil dá bhféadfadh sé smaoineamh ar rud éigin a thabharfadh ardú croí di. Ansin go tobann bhí sé aige. Cheannódh sé bronntanas di. Nach raibh caoga euro anois aige. Sea! Cheannódh sé bronntanas i gCluain Meala do Chiara. Rud éigin deas. Rud éigin speisialta!

Is beag aird a bhí á thabhairt ag Colm ar an gceacht tíreolaíochta a bhí ar siúl sa rang. Bhí an Máistir Ó Draoi thuas ag barr an tseomra agus é ag tarraingt aird an ranga ar léarscáil na hÉireann. Go tobann bhí sé ina sheasamh le taobh Choilm i gcúl an tseomra.

‘Conas a dhéanann sé é sin?’ arsa Rónán de chogar. ‘Nóiméad amháin bíonn sé ina sheasamh ag barr an tseomra. Ansin i bpreabadh na súl bíonn sé in áit eile ar fad.’

Labhair an Máistir le Colm:

‘A Choilm Uí Chaoimh,’ ar seisean, ‘an bhfuil tusa ag tabhairt airde ar a bhfuil ar siúl?’

‘Ó, táim, a Mháistir.’

‘Feicfimid go gearr. Anois, bhí mé ag insint daoibh faoi bhailte Chontae Mhaigh Eo. Inis dom, a Choilm, cad é príomhbhaile an chontae sin?’

Baineadh preab as Colm. Is é Caiseal, an t-ospidéal agus bronntanas Chiara a bhí ina cheann aige.

‘Caiseal,’ ar seisean.

D’imigh an máistir le báiní.

‘Dia ár réiteach! An bhfuil tú ag rá liom gurb é Caiseal an príomhbhaile i gContae Mhaigh Eo?’



Thosaigh na páistí eile ag gáire.

'Éirígí as,' arsa an máistir leo. 'Anois, a Choilm, suas leat go dtí an léarscáil agus déan staidéar grinn ar bhailte Mhaigh Eo.'

Ansin, chuir sé cogar i gcluas Choilm sa chaoi is nár chuala aon duine eile é:

'Cad atá ort le déanaí, a Choilm Uí Chaoimh?' ar seisean. 'Níl tú anseo ná ansiúd le seachtain anuas. Agus tú ar dhuine den Dream Tofa!'

'An Dream Tofa?' arsa Colm leis féin. 'Cé hiad siúd, in ainm Dé?'

Ach ní raibh fonn air an cheist a chur ar an máistir mar go raibh a dhóthain cantail air cheana féin. I bpreabadh na súl bhí an Máistir thuas i mbarr an tseomra arís agus é ag insint don rang faoi bhailte Chontae Chill Dara.

'Conas a dhéanann sé é sin?' arsa Rónán le Colm arís. 'Caithfidh go bhfuil draíocht aige.'

'Bíonn tusa ag féachaint ar an iomarca seafóide ar an teilifís!' arsa Colm go mífhoighneach

# Caibidil 5



D'fhág an bus Colm agus Rónán ag stáisiún an bhus i gCluain Meala. Chaith an bheirt acu tamall sa siopa ceirníní agus ansin shocraigh siad go scarfaidís ó chéile nó go mbeadh sé in am dul abhaile. Bhí cúpla uair an chloig anois ag Colm chun bronntanas a fháil do Chiara. Nuair nach raibh aon rud a thaitin leis sna siopaí seodóra thug sé aghaidh ar na siopaí eile. Mura n-éireodh leis bronntanas a fháil do Chiara inniu ní bheadh aon seans eile aige.

Bhí a breithlá le bheith ann Dé Luain. Siúd leis ó cheann ceann na sráide ach ní fhaca sé aon rud a bhí speisialta go leor do Chiara.

Bhí Colm in ísle brí agus é ag déanamh ar stáisiún an bhus. Ansin chonaic sé an fógra a bhí crochta sa stáisiún:

*Is oth le Bus Árann a chur in iúl do phaisinéirí go mbeidh moill uair a chloig ar bhus a ceathair go Cill Taincín.*

Chonaic Colm Rónán ag déanamh air.

‘Deir an fógra go mbeidh moill ar an mbus. Tá uair a chloig breise againn,’ ar seisean agus é breá sásta leis féin. ‘Rachaidh mise ar ais chuig na siopaí. Níor éirigh liom aon rud a fháil do Chiara fós.’




‘Tá go maith,’ arsa Rónán. ‘Cuirfidh mise glaoch abhaile agus féadfaidh mo thuismitheoirí glaoch a chur ar an teach agaibhse.’

‘Go raibh maith agat,’ arsa Colm. ‘Feicfidh mé thú ag a cúig.’

Níorbh fhiú dó dul ar ais go dtí na siopaí i lár an bhaile. Lean sé air ag siúl amach Bóthar an Stáisiúin. Ansin, os a chomhair amach, chonaic sé teaichín beag a raibh comhartha crochta air:

*Mac Gimpín – Gabha Geal*

‘Nach ait an áit é seo le haghaidh siopa,’ arsa Colm leis féin.

Taobh thiar den chuntar chonaic Colm fear beag a raibh gruaig fhada fhionn air, cluasa fada bioracha agus súile glé uaine aige. Bhí sé ag obair ar thaephota airgid leis an gcasúr is lú dá bhfaca tú riamh. D’amharc sé suas agus rinne sé meangadh.

‘Tá tú tagtha ar deireadh, a Choilm Uí Chaoimh.’

‘Cad é mar a bhí a fhios agat …’

‘Ná bac leis sin anois ach inis dom céard atá uait. Bronntanas, an ea?’

‘Sea, bronntanas do mo dheirfiúr, ach cad é mar a bhí a fhios agat?’

‘Nach gabha geal mé?’ a dúirt sé go cantalach. ‘Cén chúis a dtiocfadh duine isteach anseo ach chun bronntanas a cheannach?’

Bhreathnaigh Colm thart. Ní raibh an chuma ar an áit go dtagadh mórán custaiméirí isteach ann.



Céard faoi seo?' arsa an gabha agus tharraing sé bráisléad amach as tarraiceán – an bráisléad ba dheise is ba ghleoite dá bhfaca Colm riamh.

Bhí sé galánta! D'fhéach Colm ar an mbráisléad a bhí ag glioscarnach faoi sholas na gréine.

'Cé mhéad atá air?' a d'fhiafraigh Colm.

'Tabharfaidh mé duitse é ar chaoga euro,' arsa an gabha.


Thit an lug ar an lag ar Cholm. Dá gceannódh sé an bráisléad bheadh a chuid airgid ar fad caite aige.

'Bhuel, an bhfuil sé uait nó nach bhfuil?' arsa an gabha leis go mífhoighneach. 'Nach gcaithfidh tú a bheith ar bhus a cúig?'

Bhí Colm ag cur is ag cúiteamh leis féin. Bhí an bráisléad an-daor.

Ach bhí Colm cinnte dearfa go mbeadh dúil ag Ciara ann.

'Tógfaidh mé é,' ar seisean.



Lá arna mhárach chuaigh Colm go Lios an Chatha le bualadh le hÚvó. Bhí Úvó ann roimhe.

'Bhí tú ag caint leis an ngabha geal, cluinim.'

'Conas atá a fhios agat?' a d'fhiafraigh Colm agus iontas air.


'Ó, is seanchara liom an fear céanna. Gabha geal de chuid Tuatha Dé Danann ab ea é fadó riamh. Taispeáin dom an bráisléad.'

Níor bhac Colm fiafraí conas mar a bhí a fhios ag Úvó faoin mbráisléad. D'inis Colm d'Úvó faoina dheirfiúr agus chomh tinn agus a bhí sí.

Nach dona an scéal é sin,' arsa Úvó. 'B'fhéidir go mbeinn in ann cabhrú léi.'

Agus rug sé ar an mbráisléad …

# Caibidil 6




Bhí Colm ina shuí sa seomra ranga ag cuimhneamh ar an méid a bhí tite amach le seachtain roimhe sin. Nár dheacair a chreidiúint gur bhuail sé le buachaill ón spás, gur roghnaíodh é ar fhoireann iománaíochta na scoile agus, an rud ab fhearr ar fad, go raibh biseach ag teacht ar a dheirfiúr. Bhí Ciara an-sásta leis an mbráisléad a thug sé di maidin Dé Luain. Uaidh sin amach thosaigh biseach ag teacht uirthi. Faoin am seo bhí sí in ann fanacht ina suí ar feadh an lae.

Dúirt an dochtúir lena tuismitheoirí go bhféadfaidís í a thabhairt chuig an gcluiche ceannais Dé Domhnaigh. Bhí Colm cinnte go raibh baint éigin ag Úvó leis an dá rud iontacha seo. Bhí socrú acu bualadh le chéile arís tar éis scoile an tráthnóna sin.

Bhí fear a raibh Liam Ó Coimín air ina chónaí cois na habhann. Fear aonarach a bhí ann nach mbíodh aon bhaint aige leis na comharsana. Bhí úllord breá aige ina raibh na húlla ba bhlasta agus ba mhilse i gContae Thiobraid Árann. Bhí Séimín Ó Súilleabháin ina chónaí i ngar do theach Liam agus an-tóir go deo aige ar na húlla. Bhí Liam tinn tuirseach den bhithiúnach agus shocraigh sé go múinfeadh sé ceacht dó.

Cheannaigh Liam rótvaidhléir fíochmhar ag aonach Chluain Meala. Bhí na húlla aibí faoin am seo agus bhí a fhios ag Liam nárbh fhada go mbeadh an gadaí beag chuige.



An tráthnóna seo bhí Séimín tar éis a mhála a líonadh le húlla breátha dearga. Bhí sé breá sásta leis féin. Ní raibh tásc ná tuairisc ar Liam Ó Coimín. Nó sin é a shíl sé. Ach díreach agus é ar tí an claí a dhreapadh nach bhfaca sé Liam ag déanamh air. Ba léir go raibh Liam ar deargbhuile.

'Tá tú agam anois, a bhithiúnaigh,' ar seisean.

Is ansin a chonaic Séimín an madra fíochmhar.

Ba bheag nár thit an t-anam as. Lig sé béic as agus scaoil sé uaidh an mála. Dá bhféadfadh sé an claí a dhreapadh, bheadh sé slán sábháilte. Ach bhí an madra ag déanamh air …

Bhí Colm ar a bhealach go Lios an Chatha agus a chamán ina ghlaic aige nuair a chuala sé an rírá. Chonaic sé Séimín agus thuig sé go raibh sé i sáinn. Ní raibh mórán trua aige dó ar dtús. Ach ansin chonaic sé an madra. Chonaic sé Séimín ag titim.

'Dia ár réiteach,' arsa Colm leis féin, 'maróidh an diabhal madra sin é!'

Rug sé greim docht ar an gcamán nó gur mhothaigh sé neart agus misneach ag teacht chuige. Ansin léim sé thar an gclaí agus rug sé ar chloch.

Chaith sé suas an chloch agus tharraing sé siar a chamán. Ansin bhuail sé buille tréan ar an gcloch agus sheol í i dtreo an mhadra.



Buaileadh an t-ainmhí sa cheann. Rinneadh staic de. Ansin lig sé glam uafásach as agus rith sé chuig a mháistir agus é ag geonaíl. D'éirigh le Séimín barr an chlaí a bhaint amach. Agus is ann a d'fhan sé.

Bhí Liam Ó Coimín fós ag bagairt ar Shéimín.

'A bhithiúnaigh!' ar seisean. 'Bhí an t-ádh dearg leat an babhta seo. Ach má fheicimse istigh i m'úllord arís tú is duitse is measa é!'

Díreach ansin stop carr ar thaobh an bhóthair. An Máistir Ó Draoi a bhí ann.

'Céard atá ar bun anseo?' a d'fhiafraigh sé.

Dúirt Liam leis an máistir go raibh sé tinn tuirseach de bhithiúnaigh bheaga an bhaile a bheith ag iarraidh a chuid úlla a ghoid. Ansin d'inis Séimín dó faoin madra fíochmhar a bhí ag Liam. Agus d'inis Colm a thaobh féin den scéal. Labhair an máistir le Liam:

'Tá brón orm go bhfuil dalta de mo chuidse ag cur as duit.'

'Cuirfidh mé pionós air, bí cinnte de sin.

Ach níl tú féin gan mhilleán. Tá a fhios agat go bhfuil sé i gcoinne an dlí madra fíochmhar mar sin a bheith ag gabháil thart. Murach Colm, bheadh Séimín gortaithe go dona nó fiú maraithe ag do mhadra. Anois, mholfainn go láidir duit an madra sin a cheangal sula ndéanfaidh mé gearán leis na Gardaí fút.'

Thug an máistir íde na muc agus na madraí do Shéimín.

'Sílim gur leor é sin mar phionós,' ar seisean ar deireadh. 'Maidir leatsa,' agus d'fhéach sé ar Cholm, 'rinne tú éacht. Inseoidh mé do do thuismitheoirí faoi seo. Tá mé cinnte go mbeidh siad bródúil asat.'

Agus leis sin isteach ina charr leis an Máistir Ó Draoi agus d'imigh sé leis.

Bhí an bheirt fágtha leo féin.

'An bhfuil tú ceart go leor, a Shéimín?' arsa Colm.

Bhí aghaidh Shéimín dearg agus na deora ag sileadh leis. Ar deireadh labhair sé:

'Cén fáth ar tháinig tú i gcabhair orm?'

‘Cad eile a dhéanfainn?’ arsa Colm agus iontas air.

‘Shábháil tú mé! Ach tá an ghráin agat orm!’ arsa Séimín.

‘Níl an ghráin agam ort, a Shéimín,’ arsa Colm, ‘ach d’fhéadfá a rá go gcuireann tú as dom go minic.’

‘Ní chreidim é sin. Tá an ghráin ag gach duine orm, i ndáiríre!’


Agus phléasc sé amach ag gol.

‘Seo, triomaigh do shúile anois,’ arsa Colm. ‘Agus croithfimid lámh le chéile.’

Shín sé amach a lámh chuig Séimín. Rug Séimín uirthi agus chroith í.



# Caibidil 7



Nuair a bhain Colm Lios an Chatha amach ar deireadh thiar thall bhí Úvó ag fanacht leis.

'Tá brón orm go bhfuil mé mall,' arsa Colm. 'Cuireadh moill orm ar an mbealach.'

'Tá a fhios agam,' arsa Úvó. 'D'inis Ó Draoi do é.'

'Ó Draoi!' Bhí an-iontas ar Cholm.

'Is ea, d'inis sé an scéal ar fad dom. Is seanchairde sinn. Is duine den Dream Tofa é Ó Draoi, freisin.'

An Dream Tofa? Bhí na focail sin cloiste ag Colm áit éigin cheana. Ach cén áit?

'An Dream Tofa? A Úvó,' ar seisean, 'tá go leor rudaí ag tarlú le tamall anuas nach dtuigim. Tá sé in am agat anois gach aon ní a insint dom.'

'Tá an ceart agat,' arsa Úvó. 'Tá sé in am gach aon ní a rá leat. Bhuel, is duine den Dream Tofa thú.

Is é sin le rá gur éirigh leat sna tástálacha a cuireadh ort. Ach b'fhearrdom dul siar go tús an scéil. Tá a fhios agat gur uchtaíodh thú. Bhuel, an bhean a thug ar an saol tú ba as Varna di.'

'Is ea, sin an fáth a raibh mé sa dílleachtlann i mBearna,' arsa Colm.

'Ní hea, ní hea!' arsa Úvó go mífhoighneach. 'Varna! Shíl mé gur réitíomar an scéal sin cheana.'

'Ó! Mars!' arsa Colm agus alltacht air.

'Maidir le do mháthair,' arsa Úvó, 'cé gurbh as Varna di mhair sí in Éirinn ar feadh dhá mhíle bliain. Eithne an t-ainm a bhí uirthi. Bhain sí le Sí Chonnacht agus bhí sí ar dhuine de na sióga deireanacha a mhair in Éirinn. Ach thit sí i ngrá le Gael. Seán an t-ainm a bhí ar an bhfear ar thit sí i ngrá leis agus draoi a bhí ann. Bhí sé féin agus a dheartháir, Máirtín, ar na draoithe deireanacha a bhí sa tír. Phós Eithne agus Seán agus ansin rugadh mac dóibh. Tusa an mac sin.'

Bhí a fhios ag Colm i gcónaí go raibh sé difriúil le daoine eile. Ach ní raibh tuairim dá laghad aige cé chomh difriúil!

Anois bhí Úvó á rá leis gur dhuine de Thuatha Dé Danann a bhí ina mháthair!

'Céard a tharla ansin?' a d'fhiafraigh sé agus é ar bís go bhfaigheadh sé amach cad é a tharla dá thuismitheoirí.

'Roinnt blianta ó shin thosaigh na Gaeil ag tochailt agus ag cartadh i liosanna agus rathanna na tíre. Bhí siad sa bhealach orthu, an dtuigeann tú, agus iad ag tógáil na mótarbhealaí nua. Bhí ár gcuid spáslonga i gcontúirt ansin agus shocraigh an tArdrí gur cheart dúinn dul ar ais go Varna. Naoi mbliana ó shin chruinnigh slua againn le chéile i lios mór i mBearna, i gContae na Gaillimhe. Bhí sióga de chuid Sí Laighean ann, Sí Chonnacht, Sí Mhumhan agus Sí Uladh. Bhí na céadta den slua sí ann agus thugamar cuireadh do d'athair agus do d'uncail teacht linn chomh maith.'

‘Bhí an bheirt acu ar bís. Bhíomar ag dul ar bord na spásloinge nuair a rinne ár sean-naimhde, an Slua Dorcha, ionsaí tobann orainn. Faraor, d’éirigh leo cuid dár muintir a mharú mar níor éirigh leo an lios a bhaint amach in am. Bhí do mháthair Eithne agus d’athair Seán ina measc siúd a maraíodh.’

‘Bhí aithne agat ar mo mháthair, mar sin,’ arsa Colm.

‘Ar ndóigh bhí aithne agam uirthi! Deirfiúr liom a bhí inti!’

‘Is tusa m’uncail, mar sin!’ arsa Colm agus iontas an domhain air.

‘Is mé,’ arsa Úvó. ‘Ach an lá úd i mBearna ba é d’uncail Máirtín, deartháir d’athair, a shábháil thú. Nuair a maraíodh Seán agus Eithne léim Máirtín den spáslong chun tusa a shábháil. Ach faoin am ar shroich sé an spáslong arís bhí sé ródhéanach.’

‘Bhí an spáslong éirithe san aer agus níorbh fhéidir léi filleadh go talamh arís. Choinnigh

Máirtín thú ar feadh tamaill, ach ní raibh sé féin in ann aire cheart a thabhairt duit. Mar sin chuir sé isteach sa dílleachtlann i mBearna tú. Is ansin a fuair do Mhamaí agus do Dhaidí tú. Ach bíonn Máirtín féin ag faire amach duit chomh maith.'

Ba ansin a thuig Colm an scéal.

'Máirtín … Ó Draoi? An máistir? Sin é an rud a bhí i gceist aige nuair a dúirt sé go raibh sé ag faire amach dom! Ach, a Úvó, tá rud amháin fós nach dtuigim. Dúirt tú tamall ó shin gur éirigh liom i mo chuid tástálacha. Céard atá i gceist agat leis sin?' arsa Colm.

Is é an tArdrí a d'ordaigh na tástálacha. Míneoidh mé an scéal duit. Cheap tú go raibh do dheirfiúr tinn ach ní tinn a bhí sí i ndáiríre. Is amhlaidh a bhí sí faoi gheasa ag an Slua Dorcha'

Bhuail fearg Colm nuair a chuala sé é seo.

'Agus lig sibh dóibh sin a dhéanamh? Mo dheirfiúr a chur faoi gheasa!'

‘Tuigim go bhfuil fearg ort, a Choilm,’ arsa Úvó, ‘ach ní raibh neart againne air. Bhí a fhios ag Ciara gur uchtaíodh tusa. Bhí sí an-bhuartha fút mar gur thuig sí nach raibh tú sásta i do theaghlach nua. Dá bharr sin a bhí an Slua Dorcha in ann í a chur faoi gheasa, agus bhuail an dúlagar í.’

‘Ach nuair a chonaic sí an misneach ag teacht chugatsa tháinig biseach uirthi féin freisin. Bhí tusa ag smaoineamh ar Chiara seachas ort féin nuair a cheannaigh tú an bráisléad di, chuidigh tú le Séimín cé go mbíodh sé ag bulaíocht ort, agus, dar ndóigh, d’éirigh leat feabhas a chur ar do chuid scileanna iománaíochta. Ba tusa a bhris an gheis le do mhisneach agus do fhlaithiúlacht. Agus sin a chruthaigh gur den Dream Tofa thú.’

‘Ach nach tusa a chuir draíocht ar an mbráisléad agus ar mo chamán?’

‘Draíocht? Níor chuir mise draíocht ar aon rud. Dúirt mé leat go gcaithfeá féin muinín agus misneach a bheith agat.’

‘Is de bharr do chuid misnigh a d’éirigh leat sa chluiche agus a shábháil tú Séimín. Ní raibh aon draíocht i gceist.’

‘Agus an bhfuil tú ag rá liom nach bráisléad draíochta a cheannaigh mé do Chiara!’

‘Sin é díreach atáim ag rá leat. Ach anois, ní mór domsa a bheith ag imeacht. Caithfidh mé tuairisc a thabhairt don Ardrí fút.’

‘Tuairisc? Fúmsa? Cén fáth?’

‘Mar sin an misean rúnda a tugadh dom. Féadfaidh mé a rá leis an Ardrí anois gur den Dream Tofa thú. Beidh tú in ann cabhrú linn amach anseo in éadan an tSlua Dhorcha.’

‘An bhféadfaidh mé dul in éineacht leat?’ a d’fhiafraigh Colm.


‘Ní fhéadfaidh an iarraidh seo. Ach lá éigin amach anseo. Slán leat anois, a Choilm. Beidh mé ar ais chugat arís sul i bhfad.’

Shiúil Úvó suas céimeanna na spásloinge. Ansin sheas sé sa doras gur fhág sé slán ag Colm a bhí ina sheasamh go huaigneach ag imeall an leasa. Bhí sé ag faire go dubhrónach ar a chara a bhí ag filleadh ar a bhaile i Varna

i bhfad amach sa spás.







A Chríoch Sin

Bhí a fhios ag Colm i gcónaí
go raibh sé difriúil le daoine eile.
Ach ní raibh tuairim dá laghad aige
cé chomh difriúil a bhí sé ...

ISBN 978-1-85791-700-0
9 781857 917000

An Gúm